

Fadhbanna soláthair uisce

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi fhadhbanna soláthair uisce sa tír. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, déan iarracht na focail thíos a cheangal le chéile.

<ol style="list-style-type: none"> 1. ag leá 2. srianta uisce 3. mórcheantar Bhaile Átha Cliath 4. ag treisiú 5. tar éis na doininne 6. fuarlach 7. ag sceitheadh 8. le fána 9. fan glan ar 10. cásanna éigeandála 11. bóithre tánaisteacha 	<ol style="list-style-type: none"> a. <i>overflowing</i> b. <i>secondary roads</i> c. <i>strengthening</i> d. <i>rushing downward</i> e. <i>water restrictions</i> f. <i>emergency cases</i> g. <i>melting</i> h. <i>flooding (in a river)</i> i. <i>greater Dublin area</i> j. <i>after the stormy weather</i> k. <i>stay clear of</i>
--	--

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois féach ar an tuairisc le fáil amach an raibh an ceart agat.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos gach logainm a chloiseann tú inti.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den tríú huair. Ceangal an t-eolas sa cholún ar chlé leis an eolas cuí sa cholún ar dheis.

<ol style="list-style-type: none"> 1. go dtí 10p.m. 2. 10,500 3. 1.2 milliún 4. 60 lítear 5. 120,000 6. Cill Mhantáin 7. ospidéal 8. bóithre tánaisteacha 	<ol style="list-style-type: none"> a. ganntanas uisce de bharr mí-úsáid b. an líon tithe, gnóthaí agus feirmeacha gan uisce c. tá fógra fiuchta uisce i bhfeidhm d. srianta uisce le cur i bhfeidhm ó 7p.m. go 7a.m. e. ba cheart a bheith aireach orthu f. an líon daoine sa tír a bhfuil srianta ar a gcóras uisce g. stádas oráiste aimsire i bhfeidhm h. moltar gan dul ann ach amháin i gcás éigeandála
---	--

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 4 ‘...ar fud na tíre...’

1. Cén fáth a bhfuil an t-ainmfhocal ‘tír’ sa tuiséal ginideach uatha sa sampla thuas?
2. Féach ar an tuairisc arís. Cad faoi na samplaí thíos a bhí le cloisteáil inti?

tar éis (an doineann) _____
tar éis (an leá) _____

3. Bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus déan cibé athrú is gá ar an ainmfhocal agus ar an alt.
 - Bhí an bruscar caite ar fud (an áit) _____.
 - Déanfaidh mé an obair sin i rith (an tseachtain) _____.
 - Fuair sí an teachtaireacht le linn (an cruinniú) _____.
 - D’fhág sé a mháthair i bhfeighil (an teach) _____.
 - Tá Siopa Ruairí os comhair (an phictiúrlann) _____.


Ceist 5 ‘... amárach...’

Cuir na dobhriathra ama seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

riamh, go deo, choíche
go minic, go hannamh
inniu, inné, arú

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo le do ghrúpa:

1. Conas mar atá an aimsir in Éirinn anois?
2. Cén dóigh ar chuir an doineann isteach ar do shaol pearsanta féin?
3. Ar dhéileáil Rialtas na hÉireann go héifeachtúil leis an bhfoláireamh aimsire dearg, dar leat?



Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
g	e	i	c	j	h	a	d	k	f	b

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

1	2	3	4	5	6	7	8
g	b	d	a	f	c	h	e

Ceist 4

1. Má tá ainmfhocal faoi réir réamhfhocal comhshuite cuirtear sa tuiseal ginideach uatha é.
2. 'tar éis na doininne' agus 'tar éis an leá'
- 3.

Bhí an bruscar caite ar fud **na háite**.

Déanfaidh mé an obair sin i rith **na seachtaine**.

Fuair sí an teachtaireacht le linn **an chruinnithe**.

D'fhág sé a mháthair i bhfeighil **an tí**.

Tá Siopa Ruairí os comhair **na pictiúrlainne**.

Ceist 5

riamh – Ní fhaca mé an scannán sin riamh.

go deo – Ní íosfaidh mé feoil go deo.

choíche – Ní thiocfaidh sí choíche.

go minic – Téim ag imirt leadóige go minic sa tseachtain.

go hannamh – Tagann sé anseo go hannamh.

inniu – Lá deas atá ann inniu.

inné – Chuaigh mé go dtí an phictiúrlann inné.

arú – Tháinig mo mháthair ar cuairt arú inné.

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo.

Máire T. Ní Mhadaoin

Anois, cé go bhfuil an sneachta ag leá, tá fógra aimsire stádas oráiste fós i bhfeidhm i gCúige Laighean go dtí a deich a chlog maidin amárach. Deir Uisce Éireann go bhfuil deich míle go leith teach, gnó¹ agus feilm² ar fud na tíre fós gan uisce agus tá srianta uisce le cur i bhfeidhm ar a haon ponc a dó milliún duine thart ar mhórcheantar Bhaile Átha Cliath óna seacht a chlog anocht go dtí a seacht a chlog maidin amárach.

De réir mar atá an sneachta mór ag leá, is ag treisiú atá an obair mhór in áiteanna³ tar éis na doinne. Tá imní sna contaetha is measa a bhí buailte i gCúige Laighean, cosúil le Cill Dara, Cill Mhantáin, Loch Garman agus Contae na Mí, go bhféadfadh fuarlaigh tarlú tar éis an leá.

Tá an soláthar uisce freisin ina imní mhór. Deich míle go leith teach, gnó⁴ agus feilm gan soláthar, suas le leath acu sin i gContae Loch Garman. Deir Uisce Éireann, go bhfuil an córas uisce gann trí scór milliún lítear uisce mar gheall ar sconnáí a bheith fágtha ag rith, agus uisce ag sceitheadh le fána as píopaí lochtacha. Tá srianta uisce le cur i bhfeidhm san ardchathair óna seacht anocht go dtí a seacht ar maidin agus d'fhéadfadh gurb⁵ amhlaidh a bheidh go ceann píosa. Ar fud na tíre, meastar go bhfuil os cionn céad fiche míle custaiméir uilig⁶ a bhfuil srianta i bhfeidhm ar a soláthar uisce. Tá fógra fiuchta uisce i bhfeidhm in áiteanna⁷ i gCill Mhantáin. Tá brú freisin ar na seirbhísí sláinte agus d'iarr an tAire Sláinte ar dhaoine fanacht glan ar ospidéal más féidir é, ach amháin i gcásanna éigeandála.

Tá cúrsaí iompair ar ais ina gceart, ach moltar do thiománaithe a bheith ríchúramach ar bhóithre, go háirithe bóithre áitiúla agus tánaisteacha a bhfuil obair ghlantacháin fós ar bun orthu.

¹ gnóthaí a dúradh

² feirm an leagan caighdeánach

³ áitreachaí a dúradh

⁴ gnóthaí a dúradh

⁵ gur amhlaidh a dúradh

⁶ uile an leagan caighdeánach

⁷ áitreachaí a dúradh